An Roinn Oideachais
Department of Education

**Ciorclán 0032/2023**

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta Meánscoileanna,
Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheachta Deonacha agus
Príomhoifigigh Bhoird Oideachais agus Oiliúna**

# Scéim Mhaoirseachta agus Ionadaíochta – Roghnú Isteach do Phríomhoidí agus do Leas-Phríomhoidí le héifeacht ó 1 Meán Fómhair 2022

## Réamhrá

1. Is é cuspóir an Chiorcláin seo fógra a thabhairt d'Údaráis Bhainistíochta Iar-bhunscoileanna, Boird Oideachais agus Oiliúna, Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí faoi leasuithe áirithe ar an Scéim Maoirseachta agus Ionadaíochta (M&I) a tháinig i bhfeidhm ón 1 Meán Fómhair 2022 (nó dáta an cheapacháin, i.e. más déanaí).

2. Eascraíonn na leasuithe seo as comhaontú ag an gComhairle Comhréitigh Múinteoirí (TCC) i mí na Bealtaine 2023 faoi Thuarascáil Chomhaontaithe 2-2022.

3. Mar atá luaite in Ciorcán 0006/2014 agus Ciorclán 0047/2017, tá rannpháirtíocht sa Scéim M&I éigeantach do gach múinteoir, seachas iad siúd a bhain leas as an socrú roghnú amach faoi na Ciorcláin sin.

## Critéir Cháilitheachta

4. Faoi théarmaí an chomhaontaithe seo, tá an rogha maidir le dul ar ais isteach sa Scéim M&I teoranta do mhúinteoirí:

   a. a ghlac roimhe seo roghnú amach ó rannpháirtíocht éigeantach sa Scéim M&I faoi Chiorcláin 0006/2014 nó 0047/2017, agus

   b. a fuair ardú céime ina dhiaidh sin go post buan mar Phríomhoide nó Leas-Phríomhoide

5. Chun amhras a sheachaint, má roghnaigh múinteoir amach as dualgais M&I faoi chiorcláin roimhe seo, fanann an rogha diúltaithe sin i bhfeidhm mura bhfuil ardú céime faighte ag an múinteoir go post buan mar Phríomhoide nó Leas-Phríomhoide agus go roghnaíonn sé/sí ar ais isteach sa scéim M&I faoi théarmaí an Chiorcláin seo.

6. Tá an tairiscint maidir le roghnú isteach arís sa Scéim M&I ar fáil ar an mbonn go gcomhlíonann a leithéid de phríomhoidí agus leas-phríomhoidí buan cheaptha dualgais M&I agus go n-aontaíonn siad a bheith mar chuid de chlár ama M&I nuair is cuí.

7. Tá an roghnú isteach do-athraithe agus tar éis do mhúinteoir a leithéid de rogha a dhéanamh, ní fhéadfaidh an múinteoir roghnú amach ina dhiaidh sin ón gceanglas maidir le dualgais M&I a chomhlíonadh.

8. Déanfar an laghdú tuarastail a bhaineann leis an roghnú amach a thabhairt ar ais i dtuarastal múinteoirí le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2022 (nó dáta an cheapacháin, más déanaí).

## An Próiseas Iarratais

9. Ionas gur féidir le roghnú isteach feidhmiú, ní mór do Phríomhoidí agus do Leas-phríomhoidí buana ar mian leo leas a bhaint as an roghnú isteach iarratas a chur isteach chuig Bord Bainistíochta a scoile de réir an fhoirm iarratais atá ar fáil in Aguisín 1 thíos.

10. Maidir leo sin a dhéanann iarratas ar rogha an diúltaithe arís sa scéim, don scoilbhliain 2022/2023 agus 2023/2024, ní mór an fhoirm iarratais chomhlánaithe a chur isteach chuig an Roinn Oideachais faoin 1 Nollaig 2023. Ní ghlacfar le hiarratais dhéanacha do na blianta seo. Ní chuirfear i bhfeim foirmeacha iarratais a gheofar i ndiaidh an dáta seo go dtí an chéad scoilbhliain eile, ag tosú ó Mheán Fómhair 2024.

11. Maidir le Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí a fhaigheann ardú céime tar éis na scoilbhliana 2023/2024, ní mór iarratas a chur isteach laistigh de 6 seachtaine ón a cheaptar iad san bpost. Chuirfear i bhfeim iarratais dhéanacha le héifeacht ó Mheán Fómhair na scoilbhliana dar gcionn agus ní bheidh aon íocaíocht siarghabhálach i gceist.

12. Cinnteoidh na bearta seo go bhféadfar na deontais ionadaíochta agus maoirseachta cearta a íoc le scoileanna, go tráthúil gach bliain, i leith daoine atá tar éis tarraingt as an scéim.

13. Foirmeacha iarratais comhlánaithe maidir le:

    i. Meánscoileanna Deonacha, Pobalscoileanna & Scoileanna Cuimsitheacha - ba chóir na foirmeacha a chur isteach don phróiseáil chuig Iarratas ar Roghnú Isteach sa Scéim M&I, Párolla Múinteoirí Iar-Bhunoideachais, An Roinn Oideachais, Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí.

    ii. Scoileanna BOO - ba chóir na foirmeacha a chur isteach don phróiseáil chuig Iarratas ar Roghnú Isteach sa Scéim M&I, Rannóg Acmhainní Daonna an Bhoird Oideachais agus Oiliúna.

14. Ba chóir don scoil agus don mhúinteoir cóip den fhoirm chomhlánaithe a choinneáil.

## Scaipeadh agus Ceisteanna

15. Bí cinnte go dtabharfar cóipeanna den chiorclán seo do gach comhalta den Bhord Bainistíochta/den Bhord Oideachais agus Oiliúna agus go dtarraingeofar aird na múinteoirí uile atá fostaithe ar a bhfuil ann, lena n-áirítear daoine atá ar fhaomhadh neamhláithreachta.

16. Is féidir teacht ar an gCiorclán seo ar láithreán gréasáin na Roinne faoi https://www.gov.ie/ga/ciorclain/

17. Ba chóir fiosrúcháin maidir leis an gCiorclán seo a chur faoi bhráid bhainistíocht na scoile ar dtús agus b'fhéidir go dteastóidh ón mbainistíocht dul i gcomhairle lena heagraíocht ionadaíochta bainistíochta/BOO. Féadfar aon cheisteanna breise a sheoladh chuig an seoladh ríomhphoist seo a leanas: ESR@education.gov.ie.

Mark Bohan
Caidreamh Foirne Seachtrach
31ú Lúnasa 2023

**MAOIRSEACHT & IONADAÍOCHT PHRÍOMHOIDÍ AGUS LEAS-PHRÍOMHOIDÍ**
**FOIRM IARRATAIS ROGHNÚ-ISTEACH**

| | |
|---|---|
| Ainm an Mhúinteora: | |
| Uimhir Phárolla an Mhúinteora:<br>(ní Uimh. Chlár. na Comhairle Múinteoireachta) | |
| Stádas an Phoist:<br>(i.e. Príomhoide / Leas-Phríomhoide) | |
| Dáta an Cheapacháin Bhuan: | |
| Ainm na Scoile: | |
| Seoladh na Scoile: | |
| Uimhir Rolla na Scoile: | |

**Dearbhú an Mhúinteora:**
Tá téarmaí Chiorcláin ROS 0047/2017 léite agam agus tuigim iad. Deimhním gur roghnaigh mé amach ó dhualgais M&I faoi Chiorclán 0006/2014 / Ciorclán 0047/2017 [scrios mar is cuí] agus, tar éis mo cheapacháin i bpost buan Príomhoide/Leas-phríomhoide, gur mian liom roghnú isteach arís sa Scéim M&I.

Glacaim leis go bhfuil an roghnú isteach seo do-athraithe agus tar éis dom roghnú isteach nach féidir liom tarraingt siar ina dhiaidh sin ón gceanglas dualgais mhaoirseachta agus ionadaíochta a dhéanamh.

Tuigim agus glacaim leis go bhfuil ranníocaíochtaí pinsin iníoctha ar an tuarastal a bheidh á fháil agam.

Sínithe: ________________________________________ Dáta: _________________________

**Tabhair faoi deara:** Foirmeacha iarratais comhlánaithe maidir le:

- **Meánscoileanna Deonacha, Pobalscoileanna & Scoileanna Cuimsitheacha** - ba chóir na foirmeacha a chur isteach don phróiseáil chuig Iarratas ar Roghnú Isteach sa Scéim M&I, Párolla Múinteoirí Iar-Bhunoideachais, An Roinn Oideachais, Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí.

- **Scoileanna BOO** - ba chóir na foirmeacha a chur isteach don phróiseáil chuig Iarratas ar Roghnú Isteach sa Scéim M&I, Rannóg Acmhainní Daonna an Bhoird Oideachais agus Oiliúna.

**Cosaint Sonraí:** Coimisinéir (CCS) - REF 10764/A. Coinneoidh an Roinn Oideachais gach sonraí pearsanta a chuirfidh tú ar fáil ar an bhfoirm seo faoi rún agus úsáidfear iad chun na críche sin amháin. Ní nochtfar an fhaisnéis ach amháin mar a cheadaítear faoin dlí nó chun na gcríche atá liostaithe i gclárú na Roinne leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí (CCS) - TAG 10764/A. Lorgófar do chead má tá an fhaisnéis a chuir tú ar fáil le húsáid chun críocha seachas críocha atá leagtha amach i gclárú na Roinne leis an CCS.